Lá Fiontraíochta GSA: MyGalileoSolution & MyGalileoDrone, áit a gciallaíonn Galileo gnó d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí nuathionscanta!

GSA/PR/21/03 Prág, 3 Márta 2021

Tá an-áthas ar an nGníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA) buaiteoirí chomórtais MyGalileoSolution & MyGalileoDrone i mbliana a fhógairt. Ba tar éis díospóireacht bheoga a roghnaigh na moltóirí na foirne rathúla sa dá chomórtas. Ní hamháin go raibh na cinntí sin bunaithe ar an úsáid nuálach a baineadh as príomhdhifreálaithe Galileo sna feidhmchláir rathúla, ach bhí siad bunaithe freisin ar an gcur chuige margadh-dhírithe a glacadh iontu agus ar an acmhainneacht atá ann go nglacfaí go leathan leo. Fógraíodh na foirne rathúla le linn Lá na Fiontraíochta, rud a d'óstáil GSA an 2 Márta. Gan a thuilleadh moille, is iad seo na buaiteoirí….

I gcomórtas MyGalileoDrone, bronnadh duais an chéad áite ar Abzero (an Iodáil) i leith Nautilus, ar réiteach uathúil rianaithe é le haghaidh earraí leighis a sheachadadh go huathrialaitheach. Bronnadh duais an dara háite ar Spectralight (an Pholainn) i leith SpectraDrone, ar feidhmchlár fóillíochta lasmuigh é. Fuair ThunderFly (Poblacht na Seice) duais an tríú áite i leith TF-ATMON – ar córas é a úsáidtear chun tomhais atmaisféaracha in situ a dhéanamh – agus tugadh duais an ceathrú áite do Raytrack (an Spáinn) i leith 5GBeamCheck, áit a n-úsáidtear aerfheithicil gan foireann chun tástálacha aeróige 5G a dhéanamh. Faigheann an fhoireann rathúil EUR 100 000, bronntar EUR 60 000 ar an bhfoireann sa dara háit agus tugtar EUR 40 000 agus EUR 30 000 do na foirne a chríochnaigh sa tríú háit agus sa cheathrú háit faoi seach.

I gcomórtas MyGalileoSolution, bronnadh duais an chéad áite i Rian 1 (ó smaoineamh go fréamhshamhail) ar VisionAnchor (an tSlóivéin), arb é an chéad chóras físfhaireacháin ancairí le haghaidh bád ar domhan riamh é. Bronnadh duais an dara háite ar BitPet (an Iorua), ar cluiche móibíleach Réaltachta Breisithe é ina dtugann gach imreoir aire do pheata digiteach, agus tugadh duais an tríú áite do BeeLive (an Ghréig), ar uirlis cinnteoireachta agus líonraithe shóisialta do bheachairí é atá bunaithe ar ghléasanna atá cumasaithe do GNSS. Idir an dá linn, i Rian 2 (ó fhréamhshamhail go táirge), chríochnaigh 10Lines (an Eastóin), ar réiteach uathrialaitheach marcála áiteanna páirceála é, sa chéad áit. Bronnadh duais an dara háite ar V-Labs (an Eilvéis), ar réiteach Réaltachta Breisithe é le haghaidh sonraí geospásúla a léirshamhlú, a thomhas agus a mhodhnú ar bhealach atá cruinn go dtí an ceintiméadar is gaire, agus bronnadh duais an tríú áite ar Lympik Oculus (an Ostair), ar feidhmchlár anailíse spóirt é. Bhí MyGalileoSolution ar an gcomórtas is mó riamh a d'eagraigh GSA, áit ar chomhroinn 50 foireann – na sé iomaitheoir sa chomórtas ceannais ina measc – ciste duaiseanna ar fiú beagnach EUR 1.5 milliún é. Bhí na duaiseanna sa raon idir EUR 15 000 agus EUR 60 000.

An glacadh le Galileo a chothú

Ar Lá na Fiontraíochta, chuir na hiomaitheoirí is fearr ón dá chomórtas a bhfeidhmchláir i láthair

The information is subject to a Disclaimer. Copyright Notice and Protection of personal data.

agus chuir siad a smaointe chun tosaigh. Fógraíodh na foirne rathúla agus bronnadh na duaiseanna ina dhiaidh sin.

“Bhí an comórtas i mbliana thar barr agus déanaim comhghairdeas leis na buaiteoirí uile,” a dúirt Rodrigo da Costa, Stiúrthóir Feidhmiúcháin GSA. “Imríonn comórtais MyGalileoSolution agus MyGalileoDrone ról tábhachtach maidir leis an nglacadh le Galileo a chothú ar fud raon leathan deighleog den mhargadh. Ceann de na príomhróil atá ag GSA, agus a bheidh ag EUSPA sa todhchaí, is ea cur lena iomaíche atá tionscal iartheachtach an Aontais Eorpaigh trí thacú le nuálaithe, le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le gnólachtaí nuathionscanta. Cabhraíonn an dá chomórtas linn é sin a dhéanamh,” a dúirt sé.

Maidir le MyGalileoDrone agus MyGalileoSolution

Tagann MyGalileoSolution agus MyGalileoDrone sna sála ar an gcomórtas rathúil dar teideal MyGalileoApp. Bhí na comórtais ar siúl thar thréimhse 6 mhí, ar lena linn a rinneadh roinnt babhtaí athbhreithnithe le saineolaithe GSA agus le saineolaithe margaidh agus teicneolaíochta agus a fuair na foirne meantóireacht ar roinnt ábhar. Fuarthas breis agus 600 iarratas ar an dá chomórtas agus thacaigh GSA ar deireadh le 80 gnólacht nuathionscanta a bhfís a bhaint amach.

Tháinig na foirne ó láithreacha éagsúla san Eoraip agus chuimsigh siad ionadaithe ón lucht léinn agus ón tionscal araon. Áiríodh leo gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ó speictream leathan deighleog den mhargadh. Is fiú EUR 1.7 milliún é an ciste iomlán duaiseanna do na comórtais, lena n-áirítear na mórdhuaiseanna do na foirne is fearr agus duaiseanna beaga do réitigh cháilitheacha. Rinneadh meastóireacht ar na hiomaitheoirí ar bhonn critéar amhail nuálaíocht, ábharthacht do Galileo, acmhainneacht chun margaidh agus a indéanta atá sé na smaointe a chur chun feidhme.

Maidir le Lá na Fiontraíochta

Tá Lá na Fiontraíochta, a d’óstáil GSA an 2 Márta, ar cheann amháin de na chéad imeachtaí a seoladh faoi bhrat thionscnamh CASSINI. Tá an t-imeacht leathlae sin ar cheann amháin de chuid mhór gníomhaíochtaí atá le hóstáil ag GSA go luath ar mhaithe le fiontraíocht a chothú trí dheiseanna a thabhairt d’fhiontraithe agus do nuálaithe.

Tá sé mar aidhm leis an imeacht smaointe cruthaitheacha agus deiseanna brabúsacha gnó atá bunaithe ar EGNSS a chur chun cinn, feasacht a mhéadú ar an ról atá ag an spás iartheachtach maidir le spriocanna agus tosaíochtaí coiteanna AE a bhaint amach, agus ardán líonraithe a sholáthar do gach páirtí leasmhar.

The information is subject to a Disclaimer. Copyright Notice and Protection of personal data.

Maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA)

Is í an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA) an Ghníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá i gceannas ar oibríochtaí, slándáil agus soláthar seirbhíse a bhainistiú do Galileo agus EGNOS, ar Córais Dhomhanda na hEorpa um Loingseoireacht Satailíte iad. Ag obair di i gcomhar le geallsealbhóirí, leis an tionscal, le soláthraithe seirbhíse agus le pobail úsáideoirí, áirithíonn an Ghníomhaireacht an toradh is airde ar an infheistíocht a dhéantar i gCórais Dhomhanda na hEorpa um Loingseoireacht Satailíte, rud a chuireann leis na tairbhí a bhaineann saoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa as feidhmchláir spáis, a chuireann borradh faoi nuálaíocht agus faoi iomaíochas agus a áirithíonn fás geilleagrach inbhuanaithe. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig suíomh gréasáin GSA

Tuilleadh faisnéise:

Cristina Comunian

GSA Communications Officer
Cristina.COMUNIAN@gsa.europa.eu
Tel. +420 234 766 780
Mobile: +420 778 537 344

Marie Ménard

GSA Communications Officer
Marie.Menard@gsa.europa.eu
Tel +420 237 766 627
Mobile: +420 602 619 776

The information is subject to a Disclaimer. Copyright Notice and Protection of personal data.